



A9-0285/2023

10.10.2023

*****I**

TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint (COM(2022)0732 – C9-0431/2022 – 2022/0426(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Malin Björk, Eugenia Rodríguez Palop

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.

Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	31
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	33

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint (COM(2022)0732 – C9-0431/2022 – 2022/0426(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0732),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 82(2) agus d’Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0431/2022),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2023¹,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0285/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 228, 29.6.2023, lch. 108.

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

#2022/0426 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2) agus 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

[*Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*²,

*Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún*²⁷,]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bhrí:

- (1) Is coir thromchúiseach í gáinneáil ar dhaoine, a dhéantar go minic faoi chreat na coireachta eagraithe. Is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha í agus tá toirmeasc sainráite uirthi i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is tosaíocht de chuid an Aontais i gcónaí í an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus cearta na n-íospartach uile a ndéantar gáinneáil orthu a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do na híospartaigh sin, beag beann ar a dtír thionscnaimh, agus is oibleagáid dhlíthiúil de chuid na mBallstát i gcónaí í.

(1a) Tá bunchúiseanna éagsúla leis an ngáinneáil ar dhaoine. Tá an bhochtaineacht, an choinbhleacht, an neamhionannas, an foréigean inscnebhunaithe, easpa

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■**.

² IO C , , lch. . ²⁷ IO

C , , lch. .

deiseanna fostaíochta inmharthana nó tacaíocht shóisialta, géarchéim dhaonnúil agus idirdhealú i measc na bpríomhthosca a fhágann go bhfuil daoine, go háirithe mná, leanaí agus baill de ghrúpaí imeallaithe, i mbaol na gáinneála.

- (2) Is éard atá i dTreoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ príomhionstraim dlí an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na coire sin a chosaint. Leagtar amach sa Treoir sin creat cuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine trí rialacha íosta a leagan síos maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainmhíniú. Áirítear ann freisin forálacha coiteanna chun cúnamh, cosc agus cosaint na n-íospartach uile a neartú, agus aird á tabhairt ar pheirspictíochtaí na hinscne, an mhíchumais agus an linbh agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais leanaí gan tionlacan agus leanaí a bhfuil cúram tuismitheora bainte díobh.
- (2a) ***Is gá freisin cur chuige trasnach a ghlacadh maidir leis na bearta uile arb é is aidhm dóibh gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, chomh maith le cúnamh, tacaíocht agus cosaint íospartach agus a riachtanais shonracha á gcur san áireamh ag an am céanna.***
- (3) Leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025⁴ freagra beartais a ghlacann le cur chuige ildisciplíneach agus cuimsitheach idir cosc a chur trí íospartaigh a chosaint agus gáinneálaithe a ionchúiseamh agus a chiontú. Áiríodh sraith gníomhaíochtaí ann le cur chun feidhme in éineacht le rannpháirtíocht láidir ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí athraitheacha i réimse na gáinneála ar dhaoine, chomh maith le heasnaimh a shainaithin an Coimisiún, saineolaithe agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair sa réimse, agus chun dlús a chur leis na hiarrachtaí i gcoinne na coireachta sin, is gá, mar sin féin, Treoir 2011/36/AE a leasú. Baineann bagairtí agus treochtaí a aithníodh, a éilítear leo rialacha nua a ghlacadh go háirithe maidir le modi operandi na ngáinneálaithe, lena n-áirítear coimisiúnú nó éascú na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Na heasnaimh a sainaitníodh sa fhreagairt ar an dlí coiriúil a éilíonn oiriúnú ar an gcreat dlíthiúil, baineann siad le cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar ar mhaithe le daoine dlítheanacha, leis an gcóras bailithe sonraí, leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit agus leis na córais náisiúnta atá dírithe ar íospartaigh gháinneála a bhrath go luath, a shainaithint agus cúnamh speisialaithe a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
- (4) Chun dul i ngleic leis an méadú leanúnach ar líon agus ar ábharthacht na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar chun críocha seachas teacht i dtír gnéasach nó dúshaothrú saothair, is gá pósadh éigeantais, uchtú neamhdhleathach, máthairionadaíocht le haghaidh teacht i dtír atáirgthe agus teacht i dtír ar leanaí in institiúidí cónaithe agus in institiúidí de chineál dúnta a áireamh sna cineálacha dúshaothraithe a liostaítear go sainráite sa Treoir agus is gá a áirithiú go dtabharfaidh

³ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, [OJ L 101](#), 15.4.2011, p. 1–11.

⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, [COM\(2021\) 171 final](#), 14.4.2021.

na Ballstáit aghaidh laistigh dá gcórais náisiúnta dlí ar an raon is leithne dúshaothraithe, a mhéid a chomhlíonann siad na gnéithe bunaidh den gháinneáil ar dhaoine. *Ina theannta sin, meastar go bhfuil leanaí ar cheann de na grúpaí is leochailí a ndírítear orthu ag grúpaí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine. Is minic a thagann grúpaí coiriúla i dtír ar na leanaí sin trína n-earcú isteach i ngrúpaí coiriúla eagraithe chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh níos déanaí. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan sin atá ag dul i méid, tá sé rithabhachtach do na Ballstáit a áirithiú gur cineál dúshaothraithe mar a shainmhínítear sa Treoir seo é leanaí a earcú chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh nó chun páirt a ghlacadh iontu.*

- (4a) *Tá leanaí a chuirtear in institiúidí cónaithe, agus in institiúidí de chineál dúnta, ina ngrúpa atá go háirithe i mbaol gáinneála ar dhaoine. Is féidir iad a chur nó a choinneáil sna hinstitiúidí sin ar mhaithe le saothrú agus brabús nó gáinneáil a dhéanamh orthu le linn agus i ndiaidh a socrúcháin. Leanann an leochaileacht sin ar aghaidh nuair a fhágann siad na hinstitiúidí sin tar éis dóibh teacht in aois.*
- (4b) *Ionas go mbeidh na Ballstáit in ann a bpríomhfhreagracht a chomhlíonadh maidir le cearta gach duine ar a ndéantar gáinneáil a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn, beag beann ar a dtír thionscnaimh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar caighdeán an díchill chuí mar aon le prionsabal na freagrachta Stáit, lena ndeimhneofar lárnacht na n-íospartach mar shealbhóirí ceart, a ionchorprú ina reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go rannchuideoidh a gcreataí náisiúnta chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe ar fhorais amhail gnéas, inscne, cine nó bunadh eitneach, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis, nó meascán de na forais sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear a gcreataí náisiúnta chun feidhme ar bhealach nach ndéanann difear diúltach d'íospartaigh.*
- (5) *Tá méadú ag teacht ar líon na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar nó a éascaítear trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide, rud a fhágann go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na n-íospartach a ndéantar dúshaothrú orthu ar líne. Tá an ghné ar líne tagtha chun bheith ina cuid shuntasach den gháinneáil ar dhaoine toisc go n-úsáideann gáinneálaithe an tIdirlíon agus na meáin shóisialta inter alia mar mhodh chun líonraí cuimsitheacha gáinneála a bhunú, cumarsáid a dhéanamh le gáinneálaithe eile, íospartaigh a earcú, a fhógairt nó a dhúshaothrú, rialú a fheidhmiú agus iompar agus cóiríocht a eagrú. Úsáidtear an t-idirlíon agus na meáin shóisialta freisin chun ábhair dhúshaothraithe a dháileadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt go sainráite ar ghné ar líne na gáinneála agus ar an nasc idir an ghné ar líne agus as líne na coire sa chreat dlíthiúil ag gach céim ón gcosc go dtí an tionchúiseamh. **Chun an gháinneáil ar dhaoine ar líne a chomhrac, bainfear lánúsáid as ionstraimí atá ann cheana, amhail Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.***

⁵ *Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).*

- (6) Chun an freagra ceartais choiriúil ar chionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a rinneadh chun tairbhe daoine dlítheanacha agus chun déanamh na gcionta sin a dhíspreagadh, is gá córas na smachtbhannaí in aghaidh daoine dlítheanacha a neartú le cur chuige éigeantach comhréireach. Dá bhrí sin, déantar córas éigeantach smachtbhannaí le linn duine dlítheanach a bheith faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) agus (2) a chur in ionad chóras roghnach na smachtbhannaí a leagtar amach i dTreoir 2011/36/AE.
- (7) Agus gáinneáil ar dhaoine á comhrac, ba cheart úsáid iomlán a bhaint amach as ionstraimí atá ann cheana féin maidir le calcadh agus coigistiú na bhfáltas agus na n-ionstraimíochtaí ó choireacht, amhail Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir Molta maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní]⁶. Ba cheart ionstraimeachtaí caltha agus coigistithe agus fáltais ó na cionta dá dtagraítear i dTreoir 2011/36/AE a úsáid, mar ábhar tosaíochta, chun tacú le cúnamh agus cosaint na n-íospartach, lena n-áirítear trí chúiteamh díreach d'íospartaigh **■**. *I gcás nach féidir ionstraimeachtaí caltha agus coigistithe agus fáltais a úsáid chun cúnamh, tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh trí chúiteamh díreach, ba cheart na hionstraimeachtaí agus na fáltais sin a úsáid chun críocha sóisialta, go háirithe trína leithdháileadh ar eagraíochtaí a thugann cúnamh d'íospartaigh na gáinneála. Níor cheart gurb iad sócmhainní caltha agus coigistithe an t-aon fhoinse cistí chun cúiteamh, tacaíocht nó cúnamh a sholáthar d'íospartaigh.* Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit ciste náisiúnta nó ionstraim chomhchosúil a bhunú d'íospartaigh na gáinneála agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun cásanna gáinneála a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- (7a) *Chun comhordú na gcomhlachtaí uile atá ag obair ar gháinneáil ar dhaoine a mhéadú agus chun freagairtí beartais náisiúnta a threisiú, is gá Comhordaitheoirí Frithgháinneála Náisiúnta (NAC) a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar chomhordaitheoirí náisiúnta frithgháinneála chun gur féidir leo a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach agus go leordhóthanach.*
- (7b) *I bhfianaise Chlár Stóicólm agus d'fhonn straitéis chomhdhlúite de chuid an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a fhorbairt, arb é is aidhm di an tiomantas agus na hiarrachtaí a dhéanann an tAontas agus na Ballstáit chun gáinneáil den sórt sin a chosc agus a chomhrac a neartú tuilleadh, ba cheart do na Ballstáit cúraimí Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais a éascú maidir le freagairt an Aontais ar gháinneáil ar dhaoine a chomhordú agus maidir le heolas agus torthaí a fhorbairt maidir le gnéithe éagsúla na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear taighde ar ghné na hinscne agus leochaileacht ar leith leanaí, feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhleanúnachas, dúbláil iarrachta a sheachaint, idir institiúidí an Aontais agus gníomhaireachtaí gaolmhara agus idir na Ballstáit agus gníomhaithe idirnáisiúnta, agus rannchuidiú le forbairt beartas agus straitéisí de chuid an Aontais atá ann cheana nó nua, ar beartais agus straitéisí iad atá ábhartha maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine nó maidir le tuairisciú d'institiúidí an Aontais.*

⁶ COM (2022) 245.

- (8) Chun feabhas a chur ar an gcumas coiscthe náisiúnta agus ar an gcumas náisiúnta íospartaigh a bhrath agus a shainaitheint go luath, agus chun iad a chur faoi bhráid na seirbhísí cosanta, cúnamh agus tacaíochta iomchuí, is gá Sásraí Atreorúcháin Náisiúnta a bhunú le dlíthe, le rialacháin nó le forálacha riaracháin sna Ballstáit. Is bearta bunriachtanacha iad sásraí atreorúcháin náisiúnta foirmiúla a bhunú chun íospartaigh a tharchur agus pointí fócasacha náisiúnta a cheapadh le haghaidh cineálacha éagsúla gáinneála chun comhar trasteorann a fheabhsú agus chun a áirithiú go ndéanfar íospartaigh a bhrath go luath, a shainaitheint agus cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí chomhordú idir údaráis inniúla agus eagraíochtaí tacaíochta ábhartha. *Agus iad ag déileáil le híospartaigh ar leanaí iad, go háirithe cailíní, ba cheart do na sásraí tacaíocht a chur ar fáil ar bhealach atá oiriúnaithe go háirithe dá riachtanais shonracha, mar a leagtar amach sa Treoir seo.*
- (8a) *D'fhonn an cumas náisiúnta a neartú maidir le híospartaigh a bhrath, a shainaitheint agus a tharchur, ba cheart do na Ballstáit Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Frithgháinneála a fhorbairt freisin. Ba cheart dóibh na pleananna sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Ba cheart bearta cuimsitheacha a bheith sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta, lena n-áirítear bearta coisctheacha, faireacháin, bailithe sonraí, comhordaithe agus díchill chuí chun athgháinneáil a chosc. Ba cheart do na Ballstáit na pleananna sin a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.*
- (8b) *Níor cheart cúnaimh, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na gáinneála a bheith coinníollach ar a gcomhar in imscrúdú coiriúil, in ionchúiseamh nó i dtríail cionta a bhaineann lena gcás mar íospartaigh gháinneála, ná ar rath na n-imeachtaí sin. Níor cheart íospartaigh gháinneála a choinneáil, a chúiseamh ná a ionchúiseamh i gcás neamhrialtachta maidir lena dteacht isteach nó fanacht i mBallstát, nó as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha, agus níor cheart iad a eisiamh ó chúnamh, ó thacaíocht ná ó bhearta cosanta mar gheall ar a gcinneadh gan comhoibriú leis na húdaráis imscrúdaithe nó ionchúisimh.*
- (9) D'fhonn freagairt bheartais chomhleanúnach a fhorbairt chun dul i ngleic leis an éileamh agus chun iarrachtaí an cheartais choiriúil maidir le laghdú éilimh agus soláthair ar fud na mBallstát a threisiú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh, tá sé tábhachtach coir a dhéanamh as úsáid seirbhísí agus gníomhartha atá ina ndúshaothrú a chuireann íospartach ciona ar fáil maidir le gáinneáil ar dhaoine. Is cuid de chur chuige cuimsitheach é an méid sin a bhunú mar chion choiriúil chun an t-éileamh a laghdú, arb é is aidhm dó dul i ngleic leis na leibhéil arda soláthair agus éilimh a chothaíonn gach cineál dúshaothraithe agus deireadh a chur le cultúr reatha na saoirse ó phionós. *Níor cheart feidhm a bheith ag an gcion maidir le custaiméirí a cheannaíonn táirgí a mhonaraítear faoi dhálaí oibre saothraithe, toisc nach úsáideoirí seirbhíse iad. Leis an Treoir seo, bunaítear creat dlíthiúil íosta i ndáil leis sin, agus tá saoirse ag na Ballstáit rialacha coiriúla níos déine a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.*
- (9a) *Níor tháinig laghdú ar an éileamh mar thoradh ar iarrachtaí coir a dhéanamh as seirbhísí íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, agus tá sé cruthaithe go bhfuil sé éifeachtach sna tíortha sin a rith reachtaíocht ar éileamh den tsórt sin. Ionas nach gcruthófar tairseach ard d'ionchúisimh, agus go bhfágfar cuspóir na Treorach*

maidir leis an éileamh a laghdú in easnamh, níor cheart dliteanas coiriúil a theorannú d'úsáid seirbhísí gnéasacha agus é ar an eolas gur íospartach gáinneála é an duine.

- (9b) *D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir leis an éileamh lena gcothaítear gáinneáil a dhíspreagadh, ní mór iarrachtaí ceartais choiriúil a chomhcheangal le bearta eile. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin faisnéis atá dírithe ar íospartaigh agus feachtais ardaithe feasachta, oiliúint, lena n-áirítear oiliúint arna ceapadh go sonrach d'fhir, gníomhaíochtaí oideachais lena gcuirtear comhionannas chun cinn agus lena ndéantar steiréitíopaí gnéasaíocha, ciníochas agus foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, chomh maith le taighde chun anailís a dhéanamh ar an ngaol idir cásanna leochaileachta agus nochta do rioscaí gáinneála.*
- (9c) *Tá daoine faoi mhíchumas de chineál ar bith, go háirithe cailíní faoi mhíchumas, i mbaol méadaithe go mbeidh siad ina n-íospartaigh gáinneála. Tá déantóirí coire in ann díriú orthu go sonrach mar gheall ar a leochaileacht mhéadaithe agus na bacainní atá rompu maidir le rochtain a fháil ar cheartas. Ós rud é gur páirtithe iad na Ballstáit i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ba cheart dóibh riachtanais shonracha íospartaigh na gáinneála faoi mhíchumas a chur san áireamh agus bearta tacaíochta á gcur ar fáil do na híospartaigh sin, agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar státseirbhísigh ionas gur féidir leo cúnaimh a thabhairt d'íospartaigh ar bhealach atá fabhrach don mhíchumas. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh freisin chun a áirithiú go mbeidh íospartaigh na gáinneála faoi mhíchumas in ann páirt éifeachtach a ghlacadh in imeachtaí dlíthiúla.*
- (9d) *I bhfianaise Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh Stádas Daoine gan Stát an 28 Meán Fómhair 1954 agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Laghdú ar Líon na nDaoine gan Stát an 30 Lúnasa 1961 (“Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Daoine gan Stát”), ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha daoine gan stát ar íospartaigh gáinneála iad a chur san áireamh, chomh maith leis na bearta is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar íospartaigh gháinneála a bheith gan stát. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh freisin chun céannacht íospartaigh na gáinneála a bhunú agus chun a saoránacht agus a stádas saoránachta a bhunú agus a dheimhniú.*
- (10) *Tá bailiú sonraí cruinne iontaofa comhleanúnacha anaithnidithe arna n-imdhealú de réir ar a laghad gnéas, inscne, tionscnaimh chiníoch agus eitnigh, aoise, stádas shocheacnamaíoch, saoránachta, easpa stát agus inchomparáide ar fud na mBallstát, i gcás inar féidir faoin dlí náisiúnta, chomh maith le foilsiú tráthúil na sonraí agus an staidrimh a bhailítear, bunriachtanach chun eolas iomlán ar raon feidhme na gáinneála ar dhaoine laistigh den Aontas a áirithiú. Trí cheanglas a thabhairt isteach do na Ballstáit, i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, sonraí staidrimh maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain ar bhealach comhchuibhithe, meastar gur céim ábhartha é sin*

chun feabhas a chur ar an tuiscint ghinearálta ar an bhfeiniméan agus chun a áirithiú go nglacfar beartais agus straitéisí eolasacha sonraí. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le sonraí staidrimh cothrom le dáta a fháil a luaithe is féidir tá sé iomchuí dáta cur i bhfeidhm an airteagail i dtaca le bailiú sonraí a mheas ar an tráth is luaithe, arb ionann é sin agus teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

- (10a) *Ba cheart do na Ballstáit uile prionsabal an non-refoulement a chomhlíonadh, lena gcuirtear toirmeasc ar Stáit daoine aonair a aistriú nó a bhaint óna ndlínse nó rialú éifeachtach a dhéanamh nuair atá forais shubstantiúla ann lena chreidiúint go mbeadh an duine i mbaol díobhála doleigheasta tar éis dóibh filleadh, lena n-áirítear géarleanúint, céasadh, drochíde nó sárú tromchúiseach eile ar chearta an duine. Tá prionsabal an non-refoulement ina cheangal ar na Ballstáit uile i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*
- (10b) *Ba cheart do na Ballstáit staid shonrach leochaileachta íospartaigh na gáinneála, a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i nósanna imeachta tearmainn a chur san áireamh, lena n-áirítear trí ráthaíochtaí speisialta nós imeachta, [agus an fhéidearthacht iad a eisiamh ón nós imeachta teorann tar éis measúnú aonair arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE] agus riachtanais ghlactha speisialta i gcomhréir le Treoir (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir atá beartaithe lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta].*
- (10c) *Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt chun cosc a chur ar íospartaigh as athgháinneáil isteach san Aontas agus aistriú á ndéanamhacu faoi Rialachán AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán atá beartaithe maidir le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena leasaítear Treoir (CE) 2003/109 ón gComhairle, lena ndéantar go háirithe gan iad a aistriú go dtí an tír ina ndearnadh teacht i dtír orthu nuair a tháinig siad ann den chéad uair nó ina bhfuil na ciontóirí i láthair, agus ar an gcaoi sin iad a fhágáil níos neamhchosanta ar an mbaol go ndéanfar iad a athgháinneáil agus a aththrámú, gan dochar don cheart chun saol teaghlaigh.*
- (10d) *Tá sé tábhachtach cosc a chur go mbeadh ar íospartaigh rogha a dhéanamh idir an nós imeachta tearmainn agus cead cónaithe a éileamh faoi Threoir 2004/81/CE ón gComhairle.⁷ Ba cheart do na Ballstáit an chomhlántacht idir nósanna imeachta a áirithiú.*
- (10e) *Is gné dhílis den gháinneáil iad fuadach, cúramú, éigniú, sclábhaíocht ghnéasach, saothar éigeantais, cruinniú orgán, bualadh fisiceach, ocras, cailleadh cóireála leighis, i measc nithe eile. Is ionann iad sin agus sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, agus d'fhéadfadh géarleanúint a bheith i gceist leo. Ina theannta*

⁷ Treoir 2004/81/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gcead cónaithe arna eisiúint do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad nó a bhí faoi réir gníomhaíochta chun inimirce neamhdhleathach a éascú, a chomhoibriú leis na húdaráis inniúla (IO L 261, 6.8.2004, lch. 19).

sin, d'fhéadfadh íospartaigh gáinneála a bheith i mbaol géarleanúna nó sáruihte tromchúiseacha eile ar chearta an duine má fhilleann siad ar a dtír dhúchais. Tá cosaint idirnáisiúnta de dhíth ar dhaoine den sórt sin mar a fhoráiltear sa Choinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe agus i dTreoir (AE) XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir atá beartaithe maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar], sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó i gcineálacha eile cosanta faoin dlí náisiúnta.

- (10f) *Mar gheall ar an easpa deiseanna sábháilte agus dleathacha imirce, géarchéimeanna daonnúla agus an t-éileamh ginearálta ar shaothar, seirbhísí agus gníomhartha saora agus dúshaothraithe, mar aon leis an easpa cosanta dlíthiúla, bíonn daoine i mbaol mór dúshaothraithe agus mí-úsáide agus cuireann siad le nochtadh imirceach, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn do gháinneálaithe.*
- (10g) *Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt i gcónaí do chur chuige atá bunaithe ar chosaint chearta bunúsacha na n-íospartach maidir le hionchúiseamh agus gníomhaíochtaí náisiúnta á gcur chun feidhme acu maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála, go háirithe le linn an phróisis sainaitheantais.*
- (10h) *Má thugtar cosaint dóibh agus má thugtar cúnamh dóibh, is lú seans go mbeidh íospartaigh i mbaol a n-athíospairt agus a n-athgháinneála, agus is dócha go mbeidh siad níos oscailte chun páirt a ghlacadh go deonach in imeachtaí coiriúla trí fhianaise a thabhairt i gcoinne gáinneálaithe, a luaithe a thógtar muinín le seirbhísí tacaíochta agus le húdaráis.*
- (10i) *I gcásanna géarchéimeanna daonnúla, ba cheart do na Ballstáit bearta frithgháinneála a chomhtháthú mar chuid d'aon phleananna práinnfhreagartha. Ba cheart na bearta sin a chur i gcrích ó thús aon ghéarchéime agus ba cheart bearta cosanta leanaí a áireamh iontu.*
- (10j) *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear tacaíocht shaor shíceolaíoch, shíceasóisialta, mhothúchánach agus oideachasúil ar fáil d'íospartaigh ar leanaí iad i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil freisin do leanaí a chonaic gáinneáil nó leanaí ar baineadh cúram tuismitheora díobh mar thoradh ar gháinneáil.*
- (10k) *Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gceapfar caomhnóir d'íospartaigh gáinneála ar leanaí neamhthionlactha iad chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann, chun cúnamh a thabhairt dóibh agus chun gníomhú thar a gceann chun a sárleasanna agus a bhfolláine ghinearálta a choimirciú. Más rud é, i gcomhréir leis an Treoir seo, go mbeidh caomhnóir agus/nó ionadaí le ceapadh do leanbh, féadfaidh an duine céanna, duine dlítheanach, institiúid nó údarás na rólanna sin a ghlacadh.*
- (11) *Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon gáinneáil ar dhaoine a chosc agus íospartaigh na coire seo a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bhrí fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a*

ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (12) Tugtar urraim leis an Treoir ar na cearta bunúsacha agus comhlíontar léi na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe meas ar dhíon an duine agus í a chosaint, cosc ar sclábhaíocht, ar shaothar éigeantais agus ar gháinneáil ar dhaoine, an ceart um iomláine coirp agus intinne an duine, an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó pionós mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh, an comhionannas idir mná agus fir, cearta an linbh, cearta na ndaoine faoi mhíchumas, agus an toirmeasc ar shaothar leanaí, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta maidir le cionta agus pionóis choiriúla. Go háirithe leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin atá le cur i bhfeidhm dá réir sin.
- (13) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. [Nó] I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, trí litir an ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.
- (14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótocal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (15) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁸, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

⁸ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(15a) Agus íospartaigh na gáinneála ar dhaoine á gcosaint, bainfear lánúsáid as na hionstraimí atá ann cheana maidir le cearta íospartach amhail Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.

(16) Dá bhrí sin ba cheart Treoir 2011/36/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2011/36/AE

Leasaítear Treoir 2011/36/AE mar a leanas:

(1) *in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*

‘3. Áireofar leis an dúshaothrú, ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, saothar nó seirbhísí éignithe, lena n-áirítear déircíneacht, sclábhaíocht nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse, nó dúshaothrú gníomhaíochtaí coiriúla, nó cruinniú orgán, pósadh éigeantais, uchtáil neamhdhleathach, máthairionadaíocht le haghaidh dúshaothrú atáirgthe, dúshaothrú leanaí in institiúidí cónaithe agus institiúidí de chineál dúnta, nó leanaí a earcú chun gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh nó páirt a ghlacadh iontu.’;

(2) cuirtear an tAirteagal 2a seo a leanas isteach:

“Airteagal 2a

Cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar nó a éascaítear trí theicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide

Glacfaidh Bhallstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear bearta a rinneadh trí theicneolaíocht faisnéise nó cumarsáide san áireamh leis na bearta agus na meáin a dhéantar d’aon turas dá dtagraítear in Airteagal 2(1), agus le dúshaothrú mar a leagtar amach in Airteagal 2(3).”

(2a) *leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:*

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir pionós uasta 10 mbliana príosúnachta ar a laghad a ghearradh i leith ciona dá dtagraítear in Airteagal 2 sna cásanna seo a leanas:

(a) a rinneadh i gcoinne íospartach a bhí an-leochaileach, lena n-áireofar, i gcomhthéacs

⁹ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

na Treorach seo, ar a laghad, na forais a bhaineann le stádas cónaithe, toircheas, staid spleáchais nó staid mhíchumais nó anacra fhisiciúil, mheabhrach, intleachtúil nó chéadfaigh, a bhfuil cónaí orthu in institiúidí, amhail tithe scoir, tithe do leanaí, ionaid ghlactha, saoráidí coinneála nó ionaid chóiríochta d'iarrthóirí tearmainn, chomh maith le híospartaigh ar íospartaigh gan stát iad agus íospartaigh ar leanaí iad;

(b) a rinneadh faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe¹⁰;

(c) a chuir beatha an íospartaigh i mbaol nó ba chúis le bás an íospartaigh d'aon turas nó trí mhórfhailli;

(d) a rinneadh trí úsáid a bhaint as foréigean tromchúiseach nó a rinne díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch an-tromchúiseach don íospartach;

(da) a rinneadh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide, trí inneachar atá sainráite go gnéasach a chruthú, ina bhfuil íospartach gáinneála, lena n-áirítear inneachar den sórt sin a roinnt, nó bagairt é a roinnt, nó tairbhí eacnamaíocha a fháil uaidh, a chuireann an t-íospartach i staid dúshaothraithe nó leochaileachta nó a choinníonn an t-íospartach i staid dúshaothraithe nó leochaileachta, agus a dhéanann díobháil shuntasach shíceolaíoch;

(db) a rinneadh trína chur faoi deara don íospartach drugaí, alcól nó substaintí meisciúla eile a thógáil, a úsáid nó a dhéanfadh difear dóibh; nó

(dc) ciontaíodh an ciontóir roimhe sin i gcionta den chineál céanna.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, de bhreis ar na pionóis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, go mbeidh gníomhartha agus modhanna dá dtagraítear in Airteagal 2(1), agus saothrú mar a leagtar amach in Airteagal 2(3) inphionóis le fíneálacha atá comhréireach le tromchúis agus fad na díobhála a dhéantar d'íospartach na gáinneála ar dhaoine, chomh maith leis na sochair airgeadais arna bhfabhrú tríd an gcion a dhéanamh.';

(2b) leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhlíteanas i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 3 agus in Airteagal 18a (1) a rinne aon duine chun a dtairbhe, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid d'orgán an duine dhlítheanaigh, a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach, bunaithe ar an méid seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

¹⁰ IO L 300, 11.11.2008, lch. 42.

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféadfar duine dlítheanach a chur faoi dhliteanas i gcás inar fhág easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1 gur féidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 3 agus in Airteagal 18a.1 a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 agus Airteagal 7:

*“Airteagal 6
Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha*

1. Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2) faoi réir fineálacha coiriúla agus neamhchoiriúla agus, más iomchuí, na smachtbhannaí a leanas:

- (a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí, cúnaimh phoiblí nó fóirdheontas poiblí;
- (b) dúnadh sealadach nó buan bunaíochtaí ar baineadh úsáid astu chun an cion a dhéanamh.

(ba) eisiamh ó rannpháirtíocht i gconarthaí poiblí;

(bb) aisghabháil sciar nó iomlán na sochar, na cabhrach nó na bhfóirdheontas poiblí a deonaíodh suas le 12 mhí sula ndearnadh na cionta gáinneála;

2. Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2) le haghaidh ciona atá á géarú ag aon chúinse a leagtar amach in Airteagal 4(2) faoi réir, más iomchuí, na smachtbhannaí a leanas:

- (a) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú;
- (b) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- (c) foirceannadh breithiúnach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh smachtbhannaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.”

*Airteagal 7
Calcadh agus coigistiú*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, chun a áirithiú go mbeidh a n-údaráis inniúla i dteideal na fáltais a fhaightear ó na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo, agus na hionstraimeachtaí a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid chun na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh, a rianú, a chalcadh, a bhainistiú agus a choigistiú, i gcomhréir le Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Treoir atá beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní]¹¹.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbainfeair úsáid, mar ábhar

¹¹ COM (2022) 245.

tosaíochta, as fáiltas chalctha agus choigistithe a fhaightear ó na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo agus as ionstraimreachtaí a úsáidtear chun na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó chun cuidiú leo, chun tacaíocht, cúnamh agus cosaint d'íospartaigh a chur ar fáil, lena n-áirítear trí chúiteamh díreach d'íospartaigh agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in imscrúdú agus in ionchúiseamh cásanna gáinneála.”;

(3a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Neamh-ionchúiseamh nó neamhfheidhmiú pionós i leith an íospartaigh

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, lena n-áirítear forálacha an dlí choiriúil agus treoirlínte nós imeachta, chun a áirithiú nach mbeidh íospartaigh na gáinneála ar dhaoine faoi dhliteanas i leith neamhrialtacht maidir lena dteacht isteach nó fanacht i mBallstát, nó as iad a bheith páirteach i gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar cuireadh iallach orthu iad a dhéanamh mar thoradh díreach ar iad a bheith faoi réir aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun deireadh a chur le haon imeachtaí i gcoinne an íospartaigh, chun aon srian ar chearta íospartach a fhoirceannadh, lena n-áirítear cailleadh saoirse, chun aon phionóis ghaolmhara a neamhniú agus chun a dtaifid phóilíneachta agus choiriúla a scriosadh i gcás inar mhainnigh údaráis inniúla cur i bhfeidhm, neamh-fhorghníomhú agus neamhfheidhmiú pionós.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh neamh-ionchúiseamh agus neamhfheidhmiú pionós i leith na n-íospartach coinníollach ar chomhar an íospartaigh san imscrúdú coiriúil, san ionchúiseamh nó sa triail, gan dochar do Threoir 2004/81/CE ná d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon chinneadh maidir le neamh-ionchúiseamh agus neamhfheidhmiú pionós i leith na n-íospartach a ghlacadh tar éis d'oifigigh oilte agus cháilithe measúnú aonair a dhéanamh ar an gcás.

4. Déanfaidh na Ballstáit feasacht a ardú agus acmhainneachtaí a fheabhsú maidir le cur chun feidhme na bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun an Airteagail seo i measc gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, na breithiúna, ionadaithe dlíthiúla, bainistiú teorainneacha agus cigirí saothair.

5. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar chailleadh saoirse, ar ionchúiseamh agus ar chur i bhfeidhm aon phionóis i gcás leanaí as baint a bheith acu le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar cuireadh iallach orthu iad a dhéanamh mar thoradh díreach ar iad a bheith faoi réir aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 2.’;

(3b) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

‘3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear oiliúint dá réir sin ar na daoine, ar na haonaid nó ar na seirbhísí a bheidh freagrach as na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus chun aonaid speisialaithe a chruthú laistigh d'fhórsaí póilíneachta agus d'ionchúiseamh na mBallstát.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh na gáinneála, amhail údaráis forfheidhmithe dlí, seirbhísí cúraim sláinte agus

sóisialta, seirbhísí tacaíochta ginearálta agus speisialaithe agus údaráis bhreithiúnacha, oiliúint atá bunaithe ar fhianaise agus faisnéis spriocdhírthe ar leibhéal is iomchuí dá dteagmhálacha le híospartaigh, chun a chur ar a gcumas gáinneáil ar dhaoine a bhrath, a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi agus athíospairt a sheachaint. Déanfar an oiliúint sin a fhorbairt i gcomhairle le sainseirbhísí tacaíochta na mban, agus le seirbhísí tacaíochta atá speisialaithe maidir le híospartaigh na gáinneála, agus beidh sí bunaithe ar chearta an duine, dírithe ar íospartaigh, íogair ó thaobh inscne, míchumais, teanga agus leanaí de agus trámathreoraithe.

5. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail na cinn sin a úsáidtear sa choireacht eagraithe nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí, ar fáil do dhaoine, d'aonaid nó do sheirbhísí atá freagrach as na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 2a agus in Airteagal 3 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na bearta a ghlacfar chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 2a agus in Airteagal 3 a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh comhréireach leis an gcion a rinneadh.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11 ■ :

'Airteagal 11

Cúnamh, tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint ar fáil d'íospartaigh i gcur chuige atá íogair ó thaobh inscne, míchumais agus leanaí de agus bunaithe ar chur chuige trasnach. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint ar fáil d'íospartaigh roimh, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí tar éis imeachtaí coiriúla a thabhairt chun críche. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar chúnamh saor in aisce agus i dteanga a thuigeann siad. 1a. Suífidh na Ballstáit an bhfuil íospartaigh gháinneála gan stát nó i mbaol a bheith gan stát agus déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh agus tacaíocht ar fáil do na híospartaigh sin agus a riachtanaisshonracha cosanta á gcur san áireamh acu.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go measfar duine a bheith ina íospartach nó ina híospartach agus go gcaitear leis nó léi amhlaidh, a luaithe a bheidh léiriú foras réasúnach ag na húdaráis inniúla chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go raibh an duine faoi réir aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3. 3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint d'íospartach coinníollach ar thoilteanas an íospartaigh comhoibriú san imscrúdú coiriúil, san ionchúiseamh nó sa triail, gan dochar do Threoir 2004/81/CE ná d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun sásraí náisiúnta atreorúcháin a bhunú le dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin, arb é is aidhm dóibh íospartaigh arna mbrath agus arna sainaitheint a luathbhrath, a shainaitheint, cúnamh a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta ábhartha, agus pointe fócasach náisiúnta a cheapadh le haghaidh atreorú íospartach. Sa phróiseas maidir le híospartaigh a bhrath agus a shainaitheint go luath, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rannpháirtíocht eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí

ábhartha eile a áirithiú.

Bunóidh na Ballstáit Sásraí Náisiúnta Atreorúcháin le hinniúlachtaí sna réimsí seo a leanas ar a laghad:

(a) maidir le híospartaigh a bhrath, íoschaighdeáin a bhunú, na nósanna imeachta a oiriúnú do na cineálacha éagsúla dúshaothraithe a chumhdaítear leis an Treoir seo agus pleananna teagmhasacha a bhunú le haghaidh timpeallachtaí íogaire;

(b) maidir le híospartaigh a shainaithint, cláir a chur chun cinn, a chomhordú agus, i gcás inarb iomchuí, a mhaoiniú chun na híospartaigh sin a shainaithint, chomh maith le huirlisí a fhorbairt le haghaidh measúnú riosca, lena n-áirítear i ngéarchéimeanna daonnúla;

(c) maidir le híospartaigh a chosaint, sásraí a bhunú chun cúnamh do na híospartaigh sin a chomhchuíbhíú agus íoschaighdeáin a bhunú in ionaid ghlactha agus i gcláir a atreoraíonn íospartaigh chuig dídean sonrath nó chuig acmhainní tacaíochta síceasóisialta.

5. Cuirfear na bearta cúnamh agus tacaíochta dá dtagraítear i mír 1, i mír 1 a agus i mír 2 ar fáil ar bhonn comhthoilíúil agus feasach, agus áireofar orthu cúnamh fadtéarmach agus ar a laghad caighdeáin mhaireachtála atá in ann cothú íospartach a áirithiú trí bhearta amháil cóiríocht agus cúnamh airgeadais atá iomchuí agus sábháilte a sholáthar, acmhainní dá dtéarnamh eacnamaíoch agus sóisialta trí rochtain ar oideachas, oiliúint agus rochtain ar mhargadh an tsaothair chomh maith le cóir leighis riachtanach lena n-áirítear cúnamh síceolaíochta, comhairleoireacht agus faisnéis, agus seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta i gcás inarb iomchuí.

5a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun saoráidí speisialaithe a chur ar fáil d'íospartaigh na gáinneála a bhraitear agus a saináithnítear, lena n-áirítear mná, mionaóisigh gan tionlacan agus mionaóisigh scartha, agus chun áiteanna sábháilte in ionaid dídine a áirithiú; Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh baill foirne a bhfuil oiliúint inscne orthu i láthair i saoráidí glactha agus go gcuirfear tacaíocht agus cistiú leordhóthanach ar fáil d'agraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn leo.

6. Cumhdóidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5, i gcás inarb ábhartha, faisnéis maidir le tréimhse mhachnaimh agus aisghabhála de bhun Threoir 2004/81/CE, agus faisnéis faoin bhféidearthacht cosaint idirnáisiúnta a dheonú de bhun Threoir 2004/83/CE¹² ón gComhairle agus Threoir 2005/85/CE¹³ ón gComhairle nó de bhun ionstraimí idirnáisiúnta eile nó rialacha náisiúnta comhchosúla eile.

7. Déanfar na bearta cúnamh, tacaíochta agus cosanta a chuirfear ar fáil do na híospartaigh a oiriúnú do chineál na gáinneála nó an dúshaothraithe ar dhaoine a fhulaingítear agus do riachtanais shonracha an íospartaigh. Déanfaidh na Ballstáit cúram d'íospartaigh a bhfuil riachtanais speisialta acu, i gcás ina n-eascaíonn na riachtanais

¹² Treoir 2004/83/CE ón gComhairle¹² an 29 Aibreán 2004 maidir le caighdeáin íosta do cháiliú agus do stádas náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar dhéanaithe nó mar dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ar shlí eile de dhíth orthu agus maidir le hinneachar na cosanta a thugtar (IO L 304, 30.9.2004, lch. 12.)

¹³ Treoir 2005/85/CE ón gComhairle an 1 Nollaig 2005 maidir le caighdeáin íosta i ndáil le nósanna imeachta i mBallstáit chun stádas dídeanaí a dheonú agus a tharraingt siar (IO L 326, 13.12.2005, lch. 13.)

sin, go háirithe, as toircheas a d'fhéadfadh a bheith orthu, as a sláinte, as míchumas, nó cineál tromchúiseach foréigin shíceolaíoch, fhisicigh nó ghnéasaigh, a d'fhulaing siad.');

(4a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 11a

Íospartaigh na gáinneála a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar prionsabal an non-refoulement agus ceart na n-íospartach iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta nó stádas náisiúnta coibhéiseach, lena n-áirítear nuair a fhaigheann an t-íospartach cúnamh, tacaíocht agus cosaint dá dtagraítear in Airteagal 11 agus d'ainneoin na neamhrialtachta maidir le teacht isteach nó fanacht i gcóir na mBallstát i mír 3. Chuige sin, áireofar ar chúraimí na sásraí náisiúnta atreorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11 mír 4 dlúthchomhar le húdaráis tearmainn agus prótacail a bhunú chun a áirithiú go gcuirfear cúnamh, tacaíocht agus cosaint ar fáil d'íospartaigh gáinneála a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu freisin, agus imthosca aonair an íospartaigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear ar fhulaing siad idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail inscne, gnéas, cine nó bunadh eitneach, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis, nó meascán díobh sin.

Tiomnóidh na Ballstáit acmhainní iomchuí agus glacfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a bhrath agus a shaináithint go pras agus go cruinn, agus go ndéanfaidh údaráis inniúla, eagraíochtaí ábhartha na sochail sibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bhfuil baint acu le saináithint, glacadh agus próiseáil imirceach neamhrialta iad a tharchur chuig nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta. Cuirfear na híospartaigh ar an eolas faoina gceart iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, i dteanga a thuigfidh siad agus a luaite is féidir.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an neamh-ionchúisimh nó prionsabal an neamh-fhorfheidhmithe pionós maidir leis an íospartach faoi Airteagal 8 a chur i bhfeidhm maidir le híospartaigh na gáinneála a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

4. Áiritheoidh na Ballstáit comhlántacht agus comhordú idir córais agus nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta chun íospartaigh na gáinneála a chosaint. Agus an méid sin á dhéanamh, beidh sásraí atreorúcháin iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm idir na húdaráis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí frithgháinneála agus iad siúd atá freagrach as cosaint idirnáisiúnta a dheonú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh nasc idir an scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta d'íospartaigh na gáinneála agus an measúnú ar fhiúntas an iarratais agus toilteanas nó cumas an íospartaigh comhoibriú leis na húdaráis in imscrúdú coiriúil agus in ionchúiseamh gáinneála, gan dochar do Threoir 2004/81/CE ná d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir sin.');

(4b) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain gan mhoill ag íospartaigh na gáinneála ar

dhaoine ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus, i gcomhréir le ról íospartaigh sa chóras ceartais ábhartha, ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear chun críche cúiteamh a éileamh. Cuirfear comhairleoireacht dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil i dteanga is féidir leo a thuiscint agus saor in aisce.’;

(4c) in Airteagal 13, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘2a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, rúnda agus inrochtana do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.

2b. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun íospartaigh gáinneála ar leanaí iad a bhrath agus a shaináithint go luath, a thugann le fios go bhféadfadh siad a bheith i mbaol géarleanúna, a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, agus a chuirtear ar aghaidh chuig na húdaráis náisiúnta inniúla tearmainn, i gcomhréir le hAirteagal 11a.’;

(4d) leasaítear Airteagal 14 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí sonracha agus na seirbhísí tacaíochta chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, ina dtéarnamh fisiciúil agus síceasóisialta, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar imthosca speisialta gach íospartaigh linbh ar leith, agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí, ar riachtanais agus ar ábhair inní an linbh d’fhonn teacht ar réiteach marthanach don leanbh, lena n-áirítear cláir chun tacú lena n-aistriú chuig fuascailt agus aosacht chun athgháinneáil a sheachaint. Laistigh de thréimhse réasúnach ama, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, tabharfaidh na Ballstáit rochtain ar oideachas d’íospartaigh linbh agus do leanaí íospartach ar tugadh cúnamh agus tacaíocht dóibh i gcomhréir le hAirteagal 11. Cuirfidh na Ballstáit cóiríocht ar fáil d’íospartaigh ar leanaí iad gan a saoirse a bhaint díobh.

2. Ceapfaidh na Ballstáit caomhnóir nó ionadaí don íospartach gáinneála ar dhaoine ar leanbh é ón tráth a n-aithníonn na húdaráis an leanbh agus i gcás ina bhfuil cosc ar shealbhóirí freagracht tuismitheora leas an linbh a áirithiú agus/nó ionadaíocht a dhéanamh don leanbh, de dheasca coinbhleacht leasa a bheith ann idir iad agus an t-íospartach linbh. Beidh feidhm ag an bhforáil sin freisin nuair a bheidh íospartach gáinneála, ar leanaí iad, faoi chaomhnóireacht institiúide poiblí nó príobháidí.

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘3a. Áiritheoidh na Ballstáit go gceapfar caomhnóir ar íospartaigh gháinneála ar leanaí neamhthionlactha iad chun ionadaíocht a dhéanamh orthu, chun cúnamh a thabhairt dóibh agus chun gníomhú thar a gceann, de réir mar is infheidhme, chun a leasanna agus a bhfolláine ghinearálta a choimirciú agus ionas gur féidir leis na leanaí neamhthionlactha leas a bhaint as na cearta faoin Treoir seo. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá freisin chun céannacht agus saoránacht an linbh neamhthionlactha a chinneadh agus chun a theaghlach a aimsiú, ar choinníoll gur chun leas an linbh é sin.

3b. Beidh rochtain ag íospartaigh ar leanaí iad ar shainseirbhísí cosanta agus tacaíochta leanaí, lena n-áirítear ionaid dídine agus saoráidí a thacaíonn le leanaí. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar bearta tacaíochta cosanta go leordhóthanach do na híospartaigh sin ar leanaí iad a théann trí sheirbhísí uchtála agus leasa.’;

(4e) leasaítear Airteagal 15 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ceartais ábhartha, go mbeidh rochtain gan mhoill ag íospartaigh ar leanaí iad ar chomhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce i dteanga a thuigeann siad agus ar ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce, lena n-áirítear chun críche cúiteamh a éileamh.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) go ndéanfar agallaimh leis an íospartach linbh gan mhoill tar éis na fíorais a thuairisciú do na húdaráis inniúla;’;

(4f) leasaítear Airteagal 16 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí sna gníomhaíochtaí sonracha chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad, dá dtagraítear in Airteagal 14(1), ar imthosca pearsanta agus speisialta an íospartaigh linbh neamhthionlactha. Ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur ar údaráis forfheidhmithe dlí agus ar ghairmeacha eile ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh nó le híospartaigh ionchasacha chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do mhionaoisigh neamhthionlactha.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú in imscrúduithe agus in imeachtaí coiriúla, i gcomhréir le ról na n-íospartach sa chóras ábhartha ceartais, go gceapfaidh na húdaráis inniúla ionadaí i gcás ina bhfuil an leanbh neamhthionlactha nó scartha óna theaghlach. Cuirfear oiliúint speisialaithe ar na daoine sin chun leochaileachtaí agus riachtanais na n-íospartach gáinneála ar dhaoine ar leanaí iad a chur san áireamh go háirithe.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5a. Comhoibreoidh na Ballstáit agus déanfaidh siad na bearta is gá chun teaghlach íospartach a rianú nó chun íospartaigh ar leanaí neamhthionlactha iad atá imithe ar iarraidh a aimsiú agus a chosaint.’;

(4g) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

‘Airteagal 17

Íospartaigh a chúiteamh

-1a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag íospartaigh na gáinneála leigheas dlí éifeachtach agus in am trátha a fháil faoin dlí náisiúnta i gcás sárú oibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo.

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh uile na gáinneála ar dhaoine ar scéimeanna éifeachtacha cúitimh beag beann ar cibé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh próiseas breithiúnach.

1a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cúiteamh a thugtar d'íospartach gáinneála ar dhaoine, mar thoradh ar chinneadh arna ghlacadh in imeachtaí coiriúla nó sibhialta, a íoc leis an íospartach in am trátha, tar éis don Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a ghlacadh. Leanfaidh an Ballstát lena mbaineann iad siúd atá faoi dhliteanas as an gcúiteamh sin chun an cúiteamh arna thabhairt ag an Stát don íospartach mar réamhíocaíocht a aisíoc.

2. Bunóidh na Ballstáit ciste náisiúnta íospartach nó ionstraim chomhchosúil i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, ina mbeidh na fáiltais chialtha agus choigistithe a eascraíonn as na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo, agus ionstraimeachtaí a úsáidtear chun na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó chun rannchuidiú leis na cionta sin a dhéanamh chun cúiteamh a íoc le híospartaigh.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'Airteagal 18

Cosc

1. Leithdháilfidh na Ballstáit na hacmhainní is gá agus glacfaidh siad bearta iomchuí, amhail oideachas, oiliúint agus feachtais, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngné ar líne, chun díriú ar úsáideoirí féideartha agus reatha chun an t-éileamh a chothaíonn gach cineál dúshaothraithe a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhaoine a dhíspreagadh agus a laghdú.

1a. I gcás leanaí, áiritheoidh na Ballstáit go bhforbróidh córais náisiúnta cosanta leanaí, lena n-áirítear institiúidí cónaithe nó institiúidí de chineál dúnta, pleananna sonracha chun gáinneáil ar dhaoine a chosc.

2. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí, ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de agus fabhrach do leanaí bunaithe ar chur chuige trasnach, lena n-áirítear tríd an idirlíon, amhail feachtais faisnéise agus múscailte feasachta, cláir taighde agus oideachais, lena n-áirítear litearthacht dhigiteach agus scileanna digiteacha a chur chun cinn, d'íospartaigh ionchasacha, atá dírithe go sonrach ar mhná agus ar chailíní, agus i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile amhail an earnáil phríobháideach agus ardáin ar líne, arb é is aidhm dóibh feasacht a ardú agus an baol a laghdú go mbeidh daoine, go háirithe leanaí agus daoine faoi mhíchumas, ina n-íospartaigh gáinneála ar dhaoine.

2a. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit tuilleadh gníomhaíochta iomchuí, amhail cláir oideachais agus feachtais faisnéise agus múscailte feasachta, arb é is aidhm dóibh eolas a

mhéadú, go háirithe i measc na bhfear agus na mbuachaillí, ar an tionchar a bhíonn ag dearthaí diúltacha, ag iompraíochtaí diúltacha agus ag steiréitíopaí inscne lena gcuirtear dúshaothrú ban agus cailíní chun cinn agus lena gcuirtear, ar an gcaoi sin, leis an ngáinneáil. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh feachtais ardaíthe feasachta dírithe ar an íospartach agus go mbeidh siad dírithe ar thuiscint a mhéadú i measc an phobail ar thosca tiomána na gáinneála, agus aird ar leith á tabhairt ar ghné inscneach na gáinneála, ar idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch agus eitneach, agus ar chásanna leochaileachta, chomh maith le steiréitíopaí díobhálacha a cheistiú agus noirm a athrú lena dtugtar údar le dúshaothrú agus mí-úsáid.

2b. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun grinntaighde cáilíochtúil a dhéanamh chun anailís a dhéanamh ar an ngaol idir staideanna leochaileachta agus neamhchosaint ar rioscaí gáinneála, lena n-áirítear taighde chun scrúdú a dhéanamh ar an nasc idir cásanna inscne agus gáinneála, go háirithe cineálacha gáinneála nach bhfuil chomh sofheicthe sin amhail daoirse baile agus cruinniú orgán, agus cur chuige trasnach á chur san áireamh. Déanfar scrúdú sa taighde freisin ar na bunchúiseanna, ar an leitheadúlacht, ar an tionchar, ar na híospartaigh, ar na déantóirí coire, ar na comharthaí, ar na bealaí agus ar an ngá atá le seirbhísí tacaíochta agus cosanta.

3. Leithdháilfidh na Ballstáit na hacmhainní is gá chun sainoilíúint rialta éigeantach inscne, leanaí, míchumais agus inscne-íogaire a dhéanamh le haghaidh oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh nó le híospartaigh ionchasacha na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear póilíní túslíne, breithiúna, oifigigh leasa, oibríthe sóisialta agus oibríthe ospidéal, arb é is aidhm dóibh a chur ar a gcumas íospartaigh agus íospartaigh ionchasacha na gáinneála ar dhaoine a shainnithint agus déileáil leo.

4. Déanfaidh na Ballstáit bearta frithgháinneála a ionchorprú mar chuid dá bpleananna práinnfhreagartha agus éascóidh siad comhar agus comhordú eatarthu féin chun líon na gáinneála ar dhaoine a chosc agus a laghdú i gcomhthéacsanna den sórt sin, i ndlúthchomhar le comhordaitheoir frithgháinneála an Aontais (EU ATC).

5. Cuirfidh na Ballstáit sásraí gearáin éifeachtacha, inrochtana agus neamhspleácha i bhfeidhm. Chuideodh sásraí den sórt sin le híospartaigh gháinneála a bhrath go luath, a shainnithint, cúnaimh a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Féadfaidh tríú páirtithe iontaofa, amhail ENRanna, ceardchumann, nó eagraíochtaí oibríthe imirceacha gearáin a chur ar aghaidh thar ceann an íospartaigh ar choinníoll go bhfuil toiliú tugtha ag an íospartach. Agus gearán á chur ar aghaidh acu, ní bheidh aon bhearta díoltais don íospartach mar thoradh air, go háirithe i ndáil lena stádas inimirce.’;

(6) Cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 18a

Cionta a bhaineann le húsáid seirbhísí, ar ábhar dúshaothraithe iad a bhaintear as íospartach ciona a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine

1. D’fhonn an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac níos éifeachtaí trí éileamh a dhíspreagadh, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a bhunú mar chion coiriúil go n-

úsáidfeair seirbhís daoine arb é is cuspóir dóibh striapachas daoine eile nó cineálacha eile teacht i dtír gnéasach dá dtagraítear in Airteagal 2 a dhúshaothrú .

1a. Breithneoidh na Ballstáit freisin bearta a dhéanamh maidir leo siúd a iarrann, a ghlacann nó a fhaigheann gníomh gnéasach uaidh dhuine i gcás striapachais mar mhalairt ar luach saothair, ar ghealltanais an luacha saothair, ar sholáthar sochair chomhchineáil nó ar ghealltanais an tsochair sin.

1b. I gcásanna eile dúshaothraithe dá dtagraítear in Airteagal 2, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun úsáid na seirbhísí sin a shuí mar chion coiriúil nuair a bhí an t-úsáideoir ar an eolas, nó nuair a d'fhéadfadh sé le réasún gurbh eol dó go raibh an duine ina íospartach nó ina híospartach dúshaothraithe den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis agus smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh mar phionós i leith cion mar a bhunaítear i gcomhréir le míreanna 1 agus 2.;

(6a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19

'Airteagal 19

Comhordaitheoirí Náisiúnta Frithgháinneála

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun comhordaitheoirí náisiúnta frithgháinneála (NAC) a bhunú agus cuirfidh siad ar fáil dóibh na hacmhainní leordhóthanacha is gá chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach. Oibreoidh an comhordaitheoir náisiúnta frithgháinneála le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, go háirithe údaráis forfheidhmithe dlí, sásraí náisiúnta atreorúcháin, agus le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse sin. Déanfaidh NAC idirchaidreamh freisin le Comhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais (EU ATC) agus le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

2. Tacóidh NAC leis an rialtas agus beartais chomhleanúnacha éifeachtacha á bhforbairt, lena n-áirítear na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19c, chun cúnaimh, tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh.

3. Bunóidh na Ballstáit rapóirtéirí náisiúnta neamhspleácha nó sásraí coibhéiseacha chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeart frithgháinneála, chun tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha monagrafacha a chur isteach ar ábhair a mheastar a bheith tromchúiseach, práinneach nó a bhfuil aird ar leith ag teastáil ina leith chuig an údarás inniúil náisiúnta agus chun gearáin a fháil. Beidh siad freagrach freisin as measúnuithe a dhéanamh ar bhunchúiseanna agus ar threochtaí na gáinneála ar dhaoine, bailiú staidrimh a chumhdaítear in Airteagal 19a ar a laghad.;

(7) cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

'Airteagal 19a

Bailiú sonraí agus staidrimh

1. Baileoidh Ballstáit sonraí staidrimh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcórais chun cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a chomhrac.

2. Áireofar sna sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1 ar a laghad na sonraí inchomparáide seo a leanas atá imdhealaithe de réir táscairí trasnacha lena n-áirítear inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, míchumas, aois, saoránacht nó easpa stáit agus cineálacha dúshaothraithe, i gcás inar féidir faoin dlí náisiúnta:

- (a) líon na n-íospartach cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 a braitheadh agus a sainaitníodh, dí-chomhiomlánaithe freisin de réir eagraíocht chlárúcháin, lena n-áirítear líon na leanaí nach bhfuil cúram tuismitheora acu agus mionaoisigh neamhthionlactha, an ann d'íospartaigh atá faoi réir níos mó ná cineál amháin dúshaothraithe;
- (aa) líon na n-íospartach a dhéanann iarratas ar thabhairt chun rialtacht agus a fhaigheann ceadanna cónaithe sealadacha nó buana mar a leagtar amach i dTreoir 2004/81/CE, maidir leis an gcead cónaithe arna eisiúint do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad; (ab) líon na n-íospartach a bhfuil slí bheatha pháirtaimseartha nó lánaimseartha acu; (ac) líon agus cineál an chúnaimh, na tacaíochta, agus na seirbhísí cosanta is inrochtana d'íospartaigh, líon na n-íospartach a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á rochtain acu nó atá ag lorg cosanta idirnáisiúnta, agus líon na gcásanna ina mbaineann íospartaigh tairbhe as na seirbhísí sin agus ina bhfaigheann siad cúiteamh;*
- (ad) líon na n-íospartach a braitheadh agus a sainaitníodh agus a ionchúisíodh nó a gearradh smachtbhannaí orthu as a rannpháirtíocht i ngníomhartha neamhdhleathacha ar cuireadh iallach orthu a dhéanamh mar thoradh díreach ar iad a bheith faoi réir aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 2 chomh maith le líon na n-imeachtaí ar cuireadh deireadh leo, pionóis a cuireadh ar neamhni agus taifid choiriúla a scriosadh i gcás na ngníomhartha sin;*
- (b) líon na n-amhrastach maidir le cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 **■**, (c) líon na ndaoine a ionchúisíodh i gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2, cineál an chinnidh chríochnaithigh maidir le hionchúiseamh chomh maith le líon na ndaoine dlítheanacha a cuireadh faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2), agus líon agus cineál na smachtbhannaí i gcoinne daoine dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 6;
- (d) líon na gcinntí ionchúisithe (cúiseamh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, cúiseamh i leith cionta coiriúla eile, cinneadh gan cúiseamh a dhéanamh, eile);
- (e) líon na ndaoine a ciontaíodh i gcionta dá dtagraítear in Airteagal 2 **■**;
- (f) líon na mbreithiúnas cúirte (saoradh, ciontú, eile) i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, le haghaidh cinntí den chéad céim, den dara céim agus cinntí ón gcúirt deiridh (nó ón ardhúirt);
- (g) líon na n-amhrastach, na ndaoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 18a (1).

2a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an phróiseáil ar na sonraí pearsanta is gá chun na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a bhailiú ar bhealach nach bhféadfar na daoine lena mbaineann a shainaithint.

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, go ndéanfar na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 don bhliain roimhe sin a tharchur go bliantúil chuig an gCoimisiún, faoin 1 Iúil gach bliain, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha uile, agus chuig Parlaimint na hEorpa freisin.‘;

(7a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 19b

Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta

1. Déanfaidh na Ballstáit Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Frithgháinneála a ghlacadh agus a chur chun feidhme i gcomhar le comhordaitheoirí náisiúnta frithgháinneála, rapóirtéirí náisiúnta, geallsealbhoirí ábhartha lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac faoin... [Cuir isteach an dáta-dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta gach cúig bliana ar a laghad.

2. Áireofar an méid seo a leanas i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta:

i. bearta coisctheacha, lena n-áirítear anailís atá dírithe ar earnálacha eacnamaíochta agus sóisialta a shainaithint ina bhfuil riosca na gáinneála;

ii. forbairt scéimeanna díchill chuí a bheidh le cur i bhfeidhm ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a oibríonn sna hearnálacha eacnamaíochta agus sóisialta ina sainaithearnáil riosca gáinneála;

iii. straitéisí chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéimeanna díchill chuí a forbraíodh le haghaidh earnálacha sonracha ina sainaithearnáil riosca gáinneála, lena n-áirítear trí chigireachtaí ag údaráis riaracháin inniúla agus trí thuairisciú dóibh, agus trí bhearta leantacha gaolmhara;

iv. sásraí iomchuí le haghaidh comhordaithe agus comhair ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil i measc na n-údarás inniúil uile, lena n-áirítear le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, acmhainní airgeadais iomchuí, oiliúint iomchuí agus cumais dhlíthiúla iomchuí arna gcur ar fáil do na húdaráis inniúla;

v. bearta chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus faisnéise maidir le gáinneáil trasteorann ar dhaoine.

vi. straitéisí chun bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cosc a chur ar athgháinneáil ar íospartaigh;

vii. nósanna imeachta chun faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach trí na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Frithgháinneála a chur chun feidhme;

Beidh na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Frithgháinneála agus na tuarascálacha arna n-ullmhú mar thoradh ar a gcur chun feidhme ar fáil go poiblí.'

(7b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

Airteagal 20

Straitéis an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a chomhordú

1. D'fhonn rannchuidiú le straitéis chomhordaithe agus chomhdhlúite de chuid an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, éascóidh na Ballstáit cúraimí chomhordaitheoir frithgháinneála an Aontais (ATC). Go háirithe, tarchuirfidh na Ballstáit chuig ATC ar a laghad an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19, na sonraí dá dtagraítear in 19a agus 19b. Rannchuideoidh ATC leis an tuairisciú a dhéanfaidh an Coimisiún gach dhá bhliain ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, i gcomhairle le comhordaitheoirí náisiúnta frithgháinneála, rapóirtéirí náisiúnta agus sásraí coibhéiseacha, gníomhaireachtaí an Aontais agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse.

2. Chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur agus chun comhar comhleanúnach a áirithiú, bunóidh na Ballstáit struchtúr comhordúcháin idir ATC, comhordaitheoirí frithgháinneála náisiúnta, sásraí náisiúnta atreorúcháin agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse.';

(8) In Airteagal 23, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

Cuirfidh an Coimisiún, [faoi 3 bliana tar éis an spriocdháta don trasuí], tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a dhéanann measúnú ar an méid a ghlac na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo lena n-áirítear Airteagal 18a a chomhlíonadh agus tionchar na mbeart sin.”;

Airteagal 2

1. Tabharfaidh Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh roimh bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.
3. Pointe (7) d'Airteagal 1, a chuireann Airteagal 19a isteach i dTreoir 2011/36/AE, cuirfear i bhfeidhm é ar an lá dá dtagraítear in Airteagal 3.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann ***Pharlaimint na hEorpa***

An tUachtarán

Thar ceann ***na Comhairle***

An tUachtarán

#

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint		
Tagairtí	COM(2022)0732 – C9-0431/2022 – 2022/0426(COD)		
Dáta tíolactha chun PE	19.12.2022		
Coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 1.2.2023	FEMM 1.2.2023	
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	JURI 1.2.2023		
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	JURI 31.1.2023		
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Malin Björk 25.4.2023	Eugenia Rodríguez Palop 25.4.2023	
Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	11.5.2023		
Pléite sa choiste	24.5.2023	5.6.2023	7.9.2023
Dáta an ghlaictha	5.10.2023		
Toradh na vótála críochnaithí	+: –: 0:	69 0 22	
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Isabella Adinolfi, Abir Al-Sahlani, Christine Anderson, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Theresa Bielowski, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Vilija Blinkevičiūtė, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Annika Bruna, Annika Bruna, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Maria da Graça Carvalho, Patricia Chagnon, Clare Daly, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Rosa Estaràs Ferragut, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Frances Fitzgerald, Lina Gálvez Muñoz, Jean-Paul Garraud, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Livia Járóka, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Arba Kokalari, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Radka Maxová, Karen Melchior, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Andželika Anna Możdzanowska, Johan Nissinen, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Maite Pagazaurtundúa, Sandra Pereira, Pina Picierno, Pina Picierno, Sirpa Pietikäinen, Emil Radev, Samira Rafaela, Paulo Rangel, Evelyn Regner, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Isabel Santos, Christine Schneider, Stéphane Séjourné, Michal Šimečka, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Martin Sonneborn, Sylwia Spurek,		

	Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Isabella Tovaglieri, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Anders Vistisen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos, Marco Zullo
Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlaní, Barry Andrews, Bartosz Arlukowicz, Laura Ballarín Cereza, Damian Boeselager, Sylvie Brunet, Delara Burkhardt, Susanna Ceccardi, Olivier Chastel, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Gwendoline Delbos-Corfield, Klára Dobrev, Christian Doleschal, Lena Düpont, Cyrus Engerer, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Romeo Franz, Daniel Freund, Helène Fritzon, José Gusmão, Pierrette Herzberger-Fofana, Balázs Hidvéghi, Michiel Hoogeveen, Brice Hortefeux, Virginie Joron, Rasa Juknevičienė, Marina Kaljurand, Beata Kempa, Ewa Kopacz, Dietmar Köster, Elena Kountoura, Ondřej Kovařík, Sergey Lagodinsky, Maria-Manuel Leitão-Marques, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Jaak Madison, Aušra Maldeikienė, Predrag Fred Matić, Giuseppe Milazzo, Silvia Modig, Alessandra Moretti, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Carina Ohlsson, Philippe Olivier, Kostas Papadakis, Anne-Sophie Pelletier, Kira Marie Peter-Hansen, Morten Petersen, Giuliano Pisapia, Peter Pollák, Carles Puigdemont i Casamajó, Bergur Løkke Rasmussen, Sira Rego, Terry Reintke, Terry Reintke, Thijs Reuten, Jérôme Rivière, Franco Roberti, Rob Rooken, Katarína Roth Neved'alová, Domènec Ruiz Devesa, Silvia Sardone, Michal Šimečka, Susana Solís Pérez, Sylwia Spurek, Eleni Stavrou, Paul Tang, Vera Tax, Cristian Terheş, Róza Thun und Hohenstein, Irène Tolleret, Romana Tomc, Dragoş Tudorache, Miguel Urbán Crespo, Nils Ušakovs, Monika Vana, Tom Vandenkendelaere, Hilde Vautmans, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Loránt Vincze, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Axel Voss, Maria Walsh, Charlie Weimers, Pernille Weiss, Angelika Winzig, Isabel Wiseler-Lima, Jadwiga Wiśniewska, Tomáš Zdechovský, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Dáta don chur síos	10.10.2023

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

69	+
NI	Laura Ferrara
PPE	Magdalena Adamowicz, Isabella Adinolfi, Hildegard Bentele, Vladimír Bilčík, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Loucas Fourlas, Peter Jahr, Arba Kokalari, Jeroen Lenaers, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Lukas Mandl, Nuno Melo, Sirpa Pietikäinen, Paulo Rangel, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Loránt Vincze, Axel Voss, Maria Walsh, Javier Zarzalejos
Renew	Abir Al-Sahlani, Barry Andrews, Karen Melchior, Maite Pagazaurtundúa, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Ramona Strugariu, Yana Toom
S&D	Pietro Bartolo, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Cyrus Engerer, Lina Gálvez Muñoz, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Katarína Roth Nevedalová, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Birgit Sippel
The Left	Malin Björk, Niyazi Kizilyürek, Sandra Pereira, João Pimenta Lopes, Sira Rego, Eugenia Rodríguez Palop
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Francisco Guerreiro, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Ana Miranda, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Tineke Strik, Thomas Waitz

0	-

22	0
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Assita Kanko, Andżelika Anna Możdżanowska, Margarita de la Pisa Carrión, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska
ID	Annika Bruna, Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Maria Veronica Rossi, Annalisa Tardino, Isabella Tovaglieri
PPE	Nathalie Colin-Oesterlé, Nadine Morano
Renew	Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Jan-Christoph Oetjen
S&D	Radka Maxová, Vera Tax

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh